**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
**State Examinations Commission**

***Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2012***

# *Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad)*
# *Ardleibhéal*
# *Roinn B* *(60 marc)*

***Dé Luain, 18 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2.00 - 4.00***

## *Treoracha*

***(a)*** *Freagair* ***trí*** *cheist. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.*

***(b)*** *Freagair ceist 5A* ***nó*** *ceist 5B ach* ***ná*** *freagair an dá ceann.*

***(c)*** *Áit a bhfuil gá le sceitsí, is ceadmhach iad a dhéanamh go saorlámhach nó ar an bpáipéar greille atá ar fáil.*

***(d)*** *Scríobh do scrúduimhir ar do fhreagarleabhar agus ar gach bileog eile a úsáideann tú.*


***(e)*** *Ba chóir* ***Ceist 1*** *sa roinn seo a fhreagairt ar pháipéar líníochta. Ba chóir gach ceist eile a fhreagairt ar an bhfreagarleabhar a sholáthraítear.*

**1.** Sa léaráid taispeántar líníocht isiméadrach, ar a bhfuil toisí, d’aonad seilfeanna adhmaid ina ndéantar leabhair agus bréagáin a stóráil.

(i) De réir scála 1:5, tarraing **aghaidhchló** den aonad seilfeanna, ag féachaint sa treo ina bhfuil an tsaighead **A** agus **taobhchló** ag féachaint sa treo ina bhfuil an tsaighead **B**.

Cuir isteach **CEITHRE** phríomhthoise ar do líníocht.


(ii) Le cabhair nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe***, déan cur síos ar mhodh oiriúnach chun na baill **C** agus **D** a shiúntáil.




An tÁbhar ar fad: 20mm ar tiús

**2.** (i) Is dhá chéim i bpróiseas dearaidh tipiciúil iad **Sceitsí/Líníochtaí Oibre** agus **Smaointe Dearaidh/Réitigh**. Mínigh an **DÁ** chéim seo.

(ii) Sa léaráid taispeántar rogha den trealamh líníochta a úsáideann mic léinn TÁA chun líníochtaí oibre a tháirgeadh.





Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid chun do smaointe a chur in iúl, dear aonad stórála iniompartha oiriúnach, déanta as adhmad, do na rudaí seo. San aonad ba chóir go mbeadh dromchla chlár líníochta claonta ar féidir é a athrú chuig uillinneacha difriúla.

(iii) Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a chuir tú na sainriachtanais seo a leanas isteach i do réiteach dearaidh deireanach:

(a) Iniomparthacht an aonaid
(b) An dromchla claonta inathraithe.

**3.** (i) Ainmnigh na **TRÍ** chlár mhonaraithe, lipéadaithe **A**, **B** agus **C** thíos.


**A**



**B**



**C**



(ii) Mínigh go hachomair **CEITHRE** bhuntáiste atá ag cláracha monaraithe thar chláracha adhmaid soladacha.

(iii) Le cabhair nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe***, déan cur síos go mion, ar mhonarú ceann **AMHÁIN** de na cláracha thuas.

(iv) Is saincheist timpeallachta thábhachtach é dífhoraoisiú ár bhforaoisí báistí trópaiceacha. Maidir le cosaint agus caomhnú:

(a) Cén fáth ar chóir dúinn ár bhforaoisí báistí trópaiceacha a chaomhnú? Luaigh **DHÁ** chúis.

(b) Luaigh **DHÁ** shlí ar féidir le húsáid na gcláracha monaraithe cabhrú le laghdú a dhéanamh ar ráta reatha an dífhoraoisithe dhomhanda.


**4.** (i) Luaigh an t-ainm ceart do na huirlisí cumhachta lipéadaithe **X**, **Y** agus **Z** thíos.



**X**



**Y**



**Z**


(ii) (a) San uirlis chumhachta lipéadaithe **X** thuas tá ***"crágán gan eochair"***. Mínigh cad is brí leis an téarma ***"crágán gan eochair"*** agus luaigh **DHÁ** bhuntáiste atá aige thar chrágán traidisiúnta.

(b) Go minic úsáidtear an uirlis chumhachta seo chun poill a dhéanamh ar dhoimhneacht riachtanach ar leith in adhmad. Le cabhair nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe***, déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí é seo a dhéanamh.

(iii) Luaigh **TRÍ** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a leanúint nuair atá an píosa trealaimh, lipéadaithe **Y** thuas, á úsáid ag duine agus tabhair breac-chuntas ar an gcúis atá le gach réamhchúram díobh.

**5. Freagair 5A nó 5B**

**5A.** Sna léaráidí, taispeántar dhá chló de choimeádán taispeántais aicrileach ina mbíonn bróisiúir.



A

(i) Agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á úsáid agat, tarraing an fhorbairt a bheadh marcáilte amach ar an mbileog aicrileach chun an coimeádán seo a mhonarú.


(ii) Ainmnigh an meaisín a d'úsáidfí chun an t-aicrileach a dhéanamh bog i dtreo is gur féidir é a lúbadh go héasca chun an coimeádán seo a dhéanamh.

(iii) Agus nótaí is ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a d'úsáidfeá an meaisín chun an lúb ag **A** a dhéanamh go uillinn riachtanach.

(iv) Sna léaráidí, taispeántar poill i mbun an choimeádáin. Liostaigh **TRÍ** réamhchúram shábháilteachta ar leith ba chóir a leanúint nuair atá poill á ndruileáil in aicrileach.

**NÓ**

**5B.** Sa léaráid, taispeántar pictiúr de dhá dheilf atá déanta as veiniírí (maircíneacht).



(i) Le cabhair nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe***, déan cur síos ar conas a d'aistreofá an pictiúr ó bhileog pháipéir go dtí na veiniírí.

(ii) Agus nótaí is ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas na veiniírí a ghearradh don phictiúr seo chun a chinntiú go bhfuil siad feistithe go cruinn.

(iii) Ainmnigh greamachán oiriúnach chun na veiniírí a chur leis an mbonn agus tabhair cúis le do fhreagra.

(iv) Ainmnigh modh **AMHÁIN** chun veiniírí a mhonarú agus déan cur síos ar an bpróiseas. Bain úsáid as ***sceitsí néata saorláimhe***.